

—2005—

Idir Shúgradh agus Dáiríre: an Gearrscéal Iar-Chadhnach

Pádraigín Riggs

(CATHAOIRLEACH: EOGHAN Ó HANLUAIN)

Sé bliana is tríocha ó shin, bliain sarar cailleadh é, thug Máirtín Ó Cadhain léacht cháiliúil ag Scoil Gheimhridh Chumann Merriman in Aonach Urmhumhan, léacht a foilsíodh ina dhiaidh sin agus atá mar bhíobla ag lucht litríochta na Gaeilge ó shin. Bhí údar *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca* éadóchasach go maith, sa bhliain 1969, agus é ag féachaint roimis amach ar a raibh i ndán don scríbhneoir Gaeilge, agus don nGaeilge féin, nuair adúirt sé:

Is raimhre dhorcha arís í spéir na Gaeilge. Tá rud níos measa ná an t-uireasa aitheantais sa mbaile agus i gcéin ag goilliúint ar an scríbhneoir. Is deacair do dhuine a dhícheall a dhéanamh i dteanga arb é a cosúlacht go mbeidh sí básaithe roimhe féin, má fhaighcann sé cúpla bliain eile saoil.

Mar a tharla, ní bhfuair sé féin ‘cúpla bliain eile saoil’. An raibh gá leis an éadóchas go léir? Is dealraitheach ná raibh. Níl aon chuma ar an scéal go bhfuil an teanga ‘básaithe’ fós; tá glúin eile scríbhneoirí tagtha ar an bhfód ó shin atá ag saothrú na litríochta Gaeilge, idir phrós agus fhilíocht, agus tá aitheantas á thuilleamh acu ní hamháin ag baile ach, i gcásanna áirithe, i gcéin chomh maith; tá saothar na scríbhneoirí sin á aistriú go dtí teangacha eile agus i gcás cuid acu, tá a saothar á mhúineadh ar chúrsaí ollscoile i bhfad ó bhaile, mar chuid de Léann na hÉireann. Thar aon ní eile, tá forfhás agus claochló tagtha ar an nGaeilge mar mheán liteartha—forfhás agus claochló ba dheacair d’éinne a shamhlú tríocha éigin bliain ó shin. Is beag duine de chuid na glúine iar-Chadhnáí sin a mhaí-

feadh, faoi mar a mhaígh Máirtín, gur ‘fáisceadh’ iad as ‘saol nach raibh mórán athrú air le míle bliain anuas’. Ná ní mór na scríbhneoirí Gaeilge inniu a fhéadfadh a rá, mar adúirt seisean, agus é ag cuimhneamh ar an nGaeilge: ‘is liom féin í, rud nach féidir liom a rá faoi mheán ar bith eile.’ Go deimhin, na scríbhneoirí is fearr atá againn, is daoine iad *ná* féadfaí a rá ina dtaobh ‘nach leo meán ar bith eile’ agus is saibhrede a saothar a gcaidreamh ar an meán eile. Is ar an nGaeilge mar mheán liteartha a bheifear ag trácht anso agus díreofar ar an ngearrscéal toisc gurb í an fhoirm sin an fhoirm liteartha is mó a chleacht an Cadhnach féin. Bhíos ag féachaint ar na díolamaí gearrscéalta a foilsíodh le leathchéad bliain anuas—ar ndóigh, níl an oiread sin ann díobh, ceithre cinn, chomh fada agus is eol dom—agus thugas faoi ndeara gur nós leis an eagarthóir, i ngach cás, agus é/í i mbun an réamhrá, aird an léitheora a dhíriú ar an teanga, faoi mar gurbh iontas í nár mhiste a lua. Féach, mar shampla, ar an rud adúirt Tomás de Bhaldraithe, sa réamhrá a chuir sé le *Nuascéalaíocht 1940–50* (1952):

Is fada anois ó shíl daoine ceangal docht a chur ar scríbhneoir na Gaeilge—ceangal ó thaobh an ábhair is na foirme. Ní ligfeadh an Dochtúir de Hindeberg dó labhairt ar ‘things that the Irish not only never said, but also could not by any possibility ever say.’ Níor mhaith leis an Athair Peadar féin, tráth, go bhféachfaí le gearrscéalta a scríobh—‘your complete story is utterly unsuitable to the Irish language.’ ... Níos faide anonn, féachadh le ceangal eile a chur ar scríbhneoirí. De bharr míchiall a bhaint as teagasc eile úd an Athar Peadar agus a cheapadh gurb ionann ‘caint na ndaoine’ agus gnáthchaint aon bhaile amháin, thosnaigh daoine ag iarraidh minghnéithe canúnachais a léiriú ina gcuid saothair, agus shíl siad iallach a chur ar an uile scríbhneoir leanacht dá shampla.

Cúig bliana is fiche ina dhiaidh sin, foilsíodh *An Díthreabhach agus Scéalta eile as Combar* (1977). B’fhéidir ná raibh an teanga chomh mór chun tosaigh an babhta seo ach, fós, bhí an méid seo le rá ag Eoghan Ó hAnluain sa réamhfhocal: ‘Is cuid suntais iad na trí scéal tosaigh sa mhéid gur toradh iad ar thaithí na scríbhneoirí i gcéin agus go dtugann siad leo blas agus rithim agus comharthaí saoil atá neamhchoitianta sa Ghaeilge’, Blianta beaga ina dhiaidh sin tháinig díolaim eile chugainn, agus cosúil leis *An Díthreabhach agus Scéalta eile*, ba san iris *Combar* a foilsíodh ábhar na díolama sin ar dtúis. Dúirt Caoilfhionn Nic Pháidín, an t-eagarthóir, ina réamhrá le *Scéalta as Combar* (1982).

Scéalta iad nach scríobhfaí a bhfurmhór díobh cúig bliain deag ó shin, agus ní ag tagairt don ábhar amháin atáim, ach do láimhseáil na dtéamaí, na bpearsan agus na cainte iontu agus don ionramháil agus don oiriúnú teanga chun déileáil leis na réimsí is nua-aitheanta mothúchán agus fiú, le críocha samhailteacha na cruthaitheachta.

Cuireadh díolaim eile amach cúig bliana ó shin, *Gearrscéalta an Chéid* (2000) mar chomóradh ar an Mílaois. ‘Rogha ionadaíoch na ndíolamóirí de scothscéalta